



# Coláiste Pobail Bhaile Lotrail

Iar-Bhunscoil

POLASAÍ IONTRÁLA DON SCOILBHLIAIN

**2021 - 2022**

Glachta 28.09.2020

**Bunófar cinneadh ar iarratas iontrála ar chur i bhfeidhm an Pholasáí seo, ar an bhfaisnéis a leagtar amach i bhFógra Iontrála bliantúil na scoile agus ar an eolas a sholáthraíonn an tIarratasóir san iarratas iontrála, má fhaightear é roimh an dáta deiridh a leagtar amach san Fhógra Iontrála bliantúil. Tá Príomhoide Choláiste Pobail Bhaile Lotrail freagrach as an bPolasaí Iontrála seo a chur i bhfeidhm.**

## Réamheolas ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail

Bunaíodh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail in 2009 agus tá sé suite ar Bhóthar Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15.

### Ráiteas Misin Choláiste Pobail Bhaile Lotrail

**Táimid aontaithe san éagsúlacht chun sármhaitheas a mhúineadh, a chomhtháthú agus a éascú i ré nua-aimseartha le haghaidh todhchaí níos fearr.**

### Ár n-Éiteas

Is scoil dara leibhéal í ár gColáiste Pobail faoi choimirce Bhord Oiliúna Oideachais Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Táimid, lenár gcomhpháirtithe san oideachas, tiomanta chun pobal foghlama comhbhách a chruthú, ina n-aithnítear luach gach duine agus go dtaispeántar meas agus dínit dóibh. Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann curaclam leathan ilghnéitheach a sholáthar i dtimpeallacht shocair, ordúil agus shábháilte agus in atmaisféar a spreagann gach duine chun a bheith muiníneach freagrach agus a lánacmhainn a bhaint amach.

Glacann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail 180 dalta céad bliana isteach sa phríomhshruth gach bliain. Fáiltíonn Coláiste Pobail Bhaile Lotrail roimh iarratais ar áiteanna ó gach dalta beag beann ar inscne, cine, cumas acadúil ná cúlra cultúrtha. Is coláiste il-sainchreidmheach muid, áit a léirítear meas ar chreidimh gach duine aonair agus tá sé seo leabaithe inár gcuraclam trí chlár cuimsitheach oideachais reiligiúnaigh agus cheiliúradh creidimh. Ní sholáthraíonn Coláiste Pobail Bhaile Lotrail teagasc creidimh. Táimid tiomanta chun oideachas ar ardchaighdeán sholáthar a oireann do riachtanais ár gcuid daltaí go léir.

Fáiltímid roimh luachanna, cultúir agus traidisiúin ár ndaltaí uile chun leasa gach duine. Déanaimid ár ndícheall a bheith inár scoil ionchuimsitheach. Fáiltímid roimh éagsúlacht agus cuirtear comhionannas i bhfeidhm a thugann aird chuí ar dhifriochtaí a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar na nithe seo a leanas: eitneachas, riachtanais oideachais speisialta, míchumas, teanga/blas, stádas taistealaí, stádas iarrthóra tearmainn / teifigh, creidimh agus luachanna reiligiúnacha / polaitiúla, féiniúlacht inscne, cúinsí teaghlaigh nó sóisialta.

### Comhthéacs Oibriúcháin

Agus an polasaí seo á chur i gcrích, is mian le Coláiste Pobail Bhaile Lotrail an tiomantas do na luachanna, atá mar bhonn agus taca ag na hAchtanna Oideachais, a chur in iúl, m.sh. an tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018, na hAchtanna Oideachais (Leas), an tAcht um Stádas Comhionainn 2000 agus éiteas agus traidisiúin Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Ina theannta sin, féachann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail le gníomhú de réir chomhthéacs agus laistigh de pharaiméadair na ngnéithe seo a leanas: rialacháin agus chlár churaclaim na Roinne Oideachais agus Scileanna, cearta ár bpátrúin (Bord Oiliúna Oideachais Átha Cliath agus Dhún Laoghaire) mar atá leagtha amach sa reachtaíocht agus maoiniú agus na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Bhord Bainistíochta (B.B.). Bítear ag súil go nglacfaidh tuismitheoirí agus daltaí le Cód um lompár Dearfach na scoile agus le polasaithe eile na scoile agus go síneoidh siad iad.

Is féidir na polasaithe seo a léamh i ndialann an dalta.

### Clár

Feidhmíonn an Coláiste de réir na rialachán a leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna síos ó am go ham agus leanann sé na clár churaclaim a leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna síos, a fhéadfadh a leasú ó am go ham, de réir Alt 9 agus 30 d'Acht Oideachais 1998. Leanann daltaí ag an tSraith Shóisearach agus Shinsearach croichlár, agus bíonn roinnt ábhar roghnach. Tairgeann an Coláiste rogha maidir le Clár na hIdirbhliana freisin agus sa chás go bhfuil éileamh air, cuirfidh an Coláiste Clár na Ardteistiméireachta Feidhmí ar fáil. Cuirtear Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT/LCVP) ar fáil freisin.

## Clár na Sraithe Sóisearaí

Cuirtear réimse ábhar ar fáil do dhaltai, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó bhliain go bliain ag brath ar chohórt na ndaltai agus na hacmhainní a chuirtear ar fáil don scoil. Is cuid lárnach í an Fholláine de Chlár na Sraithe Sóisearaí sa scoil (CSS/JCP). Cuimseoidh CSS modúil don tSínis don Chódú agus don Drámaíocht. Roghnóidh daltaí gearrchúrsa amháin as na roghanna a sholáthrófar agus cuirtear roghanna i bhfeidhm bunaithe ar leithdháileadh agus infhaighteacht múinteoirí.

Ar bhonn an churaclaim a chuirtear ar fáil, bíonn deis ag daltaí ábhair roghnacha ar mhaith leo staidéar a dhéanamh orthu a roghnú. Tá na roghanna seo ar fáil go cothrom do bhuachaillí agus do chailíní. Mar sin féin, braitheann rogha na n-ábhar ar roinnt srianta lena n-áirítear:

- i. Líon na ndaltai ar mian leo tabhairt faoi ábhar ar leith,
- ii. Múinteoirí ábhair a bheith ar fáil.

## Clár na hIdirbhliana

Cuireann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail Clár na hIdirbhliana ar fáil. Tá an clár seo roghnach. Tabharfar áit ar an gclár do dhaltai i Coláiste Pobail Bhaile Lotrail ar an gcéad dul síos. Féadfar áit san Idirbhliain a thairiscint d'iarrthóirí nár fhreastail ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail má bhíonn áiteanna ar fáil. Is iad seo a leanas aidhmeanna an chlár:

- i. Oideachas a sholáthar a thacaíonn le haibíocht na ndaltai agus a thugann tosaíocht don fheasacht shóisialta.
- ii. Scileanna acadúla agus teicniúla a chur chun cinn agus béim ar an bhfoghlaim féinstiúrtha.
- iii. Oideachas a chur ar dhaltai idirbhliana trí thaithí pearsanta a fháil ar an saol fásta agus oibre mar bhunús don fhorbairt phearsanta agus don aibíocht.

## Clár na Sraithe Sinsearaí

Déanann gach dalta i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail staidéar ar an Ardteistiméireacht Bhunaithe faoi láthair. Tairgfear Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus Clár na Ardteistiméireachta Feidhmí, nuair is féidir. Tairgfear áiteanna do dhaltai ar an gcéad dul síos trí iarratas athchlárúcháin bliantúil ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail. I gcás daltaí nár oibrigh chun a lánacmhainn a bhaint amach nó a bhí a n-iompar ina údar imní tromchúiseach, forchoimeádan an Bord an ceart na daltaí seo a chur faoi agallamh agus lorgófar gealltanais agus ceangaltais ó thuismitheoirí agus ó dhaltai araon. Tairgfear áiteanna d'iarratais sheachtracha de réir an pholasaí iontrála seo má tá spás ar fáil. Cuirtear eolas ar fáil do gach dalta faoi roghanna ábhar sula dtéann siad ar aghaidh chuig an tSraith Shinsireach.

Cuirtear réimse ábhar ar fáil do dhaltai ar bhonn roghnach, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó bhliain go bliain ag brath ar chohórt na ndaltai agus na hacmhainní a chuirtear ar fáil don scoil. Tá na roghanna seo ar fáil go cothrom do bhuachaillí agus do chailíní agus tabharfar tús freastail ar na hiarratais is túsce. Mar sin féin, braitheann rogha na n-ábhar ar roinnt srianta lena n-áirítear:

- i. Líon na ndaltai ar mian leo tabhairt faoi ábhar ar leith,
- ii. Múinteoirí ábhair a bheith ar fáil a bhraithfidh ar leithdháileadh múinteoirí ar an scoil.

**Staidéar Stiúrtha:** Tarlóidh sé seo ar laethanta ainmnithe tar éis na scoile faoi réir éileamh leordhóthanach.

## Gairmthreoir agus Comhairleoireacht (GTC)

Cuireann an scoil seirbhís Comhairleoirí Gairmthreoracha cáilithe ar fáil bunaithe ar leithdháileadh ginearálta na múinteoirí a bhíonn ar fáil don scoil. Déanaimid iarracht a chinntiú go bhfuil rochtain mar is cóir ag gach dalta ar threoir chuí chun cabhrú leo tabhairt faoi roghanna oideachais agus gairme. Is bunchuid í an tseirbhís threorach dár gcur chuige chun freastal ar chúram tréadach. Comhordaíonn an roinn seo an measúnú iontrála don 1cd Bhliain i gcomhar leis an bPríomhoide Tánaisteach. Cuirtear dáta agus socruithe do na measúnuithe seo in iúl do bhunscoileanna.

Déanann pearsanra GTC bainistíocht ar chomhordú na DATS, measúnú chun láidreachtaí na ndaltai a aithint don saol amach rompu agus iad ag tabhairt faoin roghnú ábhar don tSraith Shinsireach.

## Soláthar Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) sa phríomhshruth

Cuireann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail tacaíocht foghlama ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO). Braitheann an tacaíocht foghlama speisialaithe a chuirfear ar fáil ar acmhainní bliantúla a leithdháileann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar an gcoláiste. Tá Coláiste Pobail Bhaile Lotrail tiomanta do phrionsabal na rochtana combhionanna agus fáiltítear roimh dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa chomthéacs príomhshrutha nuair is féidir. Is ball de phobal na scoile iad gach dalta le riachtanais bhreise a ghlacann le háit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail agus déileálfar mar an gceánna leo faoinár gCód um Iompar Dearfach.

Chun oideachas speisialta a sholáthar chun tacú le hionchuimsiú dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chun daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu a aithint, iarrtar go gcuirfear gach tuairisc ghairmiúil ar fáil don scoil. Caitheann an t-eolas seo, lena n-áirítear tuairiscí síceolaíochta, tuarascálacha bunscoile agus aon cháipéis ábhartha eile, a sholáthar nuair a ghlactar le háit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail. Cabróidh sé seo chun riachtanais a aithint go luath agus chun an próiseas leithdháilte acmhainní a threorú go cuí. Tá cumarsáid agus teagmháil éifeachtach le tuismitheoirí rithábhachtach chun acmhainní breise teagaisc a leithdháileadh.

Tá Rang Speisialta i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail, Laochra, a bunaíodh chun riachtanais speisialta oideachais a chur ar fáil do Dhaltaí a bhfuil Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais / Uathachas orthu. Tá sé mar aidhm ag Laochra freastal ar Dhaltaí nach bhfuil in ann leas a bhaint as Soláthar Oideachais Riachtanais Speisialta (RSO) sa phríomhshruth ar feadh na seachtaine scoile iomláine. Tugtar an tacaíocht agus an spreagadh do na daltaí chun rochtain a fháil ar oideachas iar-bhunscoile agus chun comhtháthú sa phríomhshruth ar leibhéal a oireann don dalta sin. Spreagfar Daltaí chun páirt a ghlacadh i ranganna príomhshrutha agus féadfaidh siad aistriú go hiomlán chuig oideachas príomhshrutha le tacaíocht na foirne cúraim agus tacaíocht an phobail scoile uile anseo i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail.

## Imeachtaí seach-churaclaim

Soláthraítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim do dhaltaí ag brath ar thionscnaimh na múinteoirí agus ar spéis na ndaltaí.

Tacaíonn an coláiste le réimse leathan de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a bhaineann le Spórt agus Lúthchleasaíocht m.sh. Leadóg, Peil Ghaelach, Sacar, Cispheil, Snámh, Treodóireacht srl.

Bíonn na himeachtaí seo a leanas ar siúl ag am lóin nó tar éis na scoile: Díospóireacht, Cór, Bannaí, Eolaí Óg, Nuálaí Sóisialta Óg, Seaimpíní Digiteacha, Club don Chódú, Tionscadail Fiontair, Clubanna Teanga agus Drámaíocht. Éascaíonn múinteoirí imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim tábhachtacha eile.

Comhlíonann múinteoirí Choláiste Pobail Bhaile Lotrail a ról mar mhúinteoirí, teagascóirí, chinn bhliana agus phríomhoidí cúnta agus i bhfad níos mó ná sin amháin. Oibríonn an foireann uile na scoile le chéile chun pobal bríomhar a chruthú le mórchróí, trí iarracht faoi leith a dhéanamh agus trí chabhrú le daltaí a bheith uaillmhianach.

## Coláiste Pobail Bhaile Lotrail Luttrellstown Community College

Príomhoide: Fionnuala Ní Chaisil M.Ed. (S. L.) B.A. H.Dip. in Ed.

Bóthar Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15.  
Porterstown Road, Clonsilla, Dublin 15.

fón phone: 01 8228060

rphost email: info.luttrellstowncc@ddletb.ie

[www.luttrellstowncc.ie](http://www.luttrellstowncc.ie)

Glactha ag Cruinniú an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: 28.09.2020



Bord Oideachais agus Oiflúna Dublin and Dún Laoghaire  
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

# CLÁR

## **CUID A** - Eolas Ginearálta do gach Iarratasóir

- 1. Gluais**
- 2. Ráiteas Iontrála**
- 3. Creat Dlí**
- 4. Forálacha Ginearálta Iontrála**

## **CUID B** - Eolas do Chatagóirí Iarratasóirí ar Leith

- 5. Iarratas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana**
- 6. Iarratas ar Gach Bliainghrúpa seachas ar an gCéad Bhliain**
- 7. Iarratas ar Laochra,**  
ionad do dhaltáí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais orthu i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail
- 8. Iarratas ar Choláiste Na Tulchann,**  
Aonad Lán-Ghaeilge do dhaltáí ar mian leo foghlaim trí mheán na Gaeilge

# **CUID A**

## **Eolas Ginearálta do Gach Iarratasóir**

- 1. Gluais**
- 2. Ráiteas Iontrála**
- 3. Creat Dlí**
- 4. Forálacha Ginearálta Iontrála (do gach Iarratasóir)**

# 1 Gluais

Is séard is brí le h'**'Iarratasóir'** tuismitheoir / caomhnóir an Dalta, nó, i gcás Dalta a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige, an Dalta a rinne iarratas ar áit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail.

Is séard is brí le **'Dalta'** an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann. Tugtar le fios gur dalta 'ionchasach' atá i gceist leis an bhfocal sin agus an focal sin in úsáid síos tríd an Polasaí seo mar chuid den léirmhíniú. Is é sin, ní hionann go bhfuiltear ag úsáid an fhocail 'Dalta' agus go bhfuil glactha lena (h)iarratas nó go nglactar leis/léi ina D(h)alta i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail de bhua an iarratais amháin.

Ciallaíonn **'An Chéad Bhliain'** an grúpa iontógála Daltaí don rang nó don bhliain is sóisearaí i scoil.

**'Inscne'** i gcomhréir leis an sainmhíniú maidir leis "an bhforas inscne" san Acht um Stádas Comhionann 2000, "gur fear é duine acu agus gur bean í an duine eile". I gColáiste Pobail Bhaile Lotrail tá stádas comhionann ag duine is cuma cén chaoi a n-aithníonn sé/sí iad féin i dtéarmaí inscne.

Tá an bhrí chéanna le **'Tuismitheoir'** agus atá san Acht Oideachais 1998 lena n-áirítear tuismitheoir altrama agus caomhnóir a ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí 1964 go 1997.

**'Siblín'** Chun críche an chritéir roghnúcháin tagraíonn sé do dhalta ar fhreastail siblín leis/léi ar an scoil cheana. Tagraíonn 'Siblín' do shiblíni iomlána, leath-siblíni, siblíni altrama agus leas-shiblíni.

Is séard is brí le **'Rang Speisialta'** rang, le ceadú an Aire Oideachais agus Scileanna, a bhunaigh an scoil chun oideachas a sholáthar go heisiach do dhaltai a bhfuil catagóir nó catagóirí riachtanais oideachais speisialta ag dul dóibh, arna sainiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna. Tá Rang Speisialta ag Coláiste Pobail Bhaile Lotrail, a bunaíodh chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais daltaí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream Uathachais / Uathachas orthu.

Tagraíonn **'Tuairisc Ábhartha'** molta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS/NCSE) do thuairisc scríofa bunaithe ar mheasúnú a rinneadh gairmí ábhartha a mholann áit sa Rang Speisialta. D'fhéadfadh siceolaí oideachais, siceolaí, gairmí sláinte ábhartha eile, seirbhísí míchumais FSS nó foireann ildisciplíneach FSS a bheith i gceist, de réir treoracha ó CNOS/NCSE bainteach leis an gcás.

Tagraíonn **'Ceantar na Scoile'** don cheantar cónaithe ainmnithe chun iarratas a dhéanamh ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail maidir leis an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann. Tá catagóir de chóireáil tosaíochta i leith cheantar na scoile i ngach ceann den trí chuid de Coláiste Pobail Bhaile Lotrail.

Ceantar Scoile na máthair-scoile Béarla (Máthairscoil) mar:

## Ceantar Scoile Choláiste Pobail Bhaile Lotrail:

Aldermere, Cearnóg Allendale, Gort Anna, Aspen,  
 Baile an Bhearbóraigh, Castlefield, Charnwood, Bóthar Bhaile Uí Cheallaigh,  
 Lambourne, Garrán na Learóige, Plásóg na Teile, Cnocán Shíomóin,  
 Gort an Phóirtéaraigh, Geata an Phóirtéaraigh, Cearnóg Choill na hAbhann, An Lána Garbh,  
 Bóthar Shelerin go dtí Acomhal Bhóthar Ongar, Páirc Sorrel,  
 Naomh Mochta, Cúirt an Stáisiúin, Radharc an Stáisiúin, An Clós Cúirte, An tÚllord, An Sráidbhaile,  
 Halla na bhFíodóirí, Rae na bhFíodóirí, Siúlán na bhFíodóirí, Coill na bhFíodóirí  
 Baile an Bhaspailigh, Windermere, Windmill, Woodbrook.

Tagraíonn **'Ceantar scoile'** do Laochra, Lárionad NSU/ASD Choláiste Pobail Bhaile Lotrail don cheantar cónaithe ainmnithe le hiarratas a dhéanamh chuig an Aonad Speisialtaan Choláiste maidir leis an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann. Sainmhínítear an ceantar scoile do Laochra i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail mar Bhaile Átha Cliath 15 .

Tagraíonn an **'Ceantar scoile'** do Choláiste na Tulchann an tAonad Lán-Ghaeilge do Bhaile Átha Cliath 15 agus d'Oirthear na Mí.

Tagraíonn **'Bunscoileanna Friothálacha'** do na bunscoileanna is rogha chun iarratas a dhéanamh ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail, Laochra agus ar Choláiste Na Tulchann.

### **Is iad seo a leanas na Bunscoileanna friothálacha liostaithe do Choláiste Pobail Bhaile Lotrail:**

- Scoil Choilm S.N.P., Br. Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15.
- S.N. N. Mochta, Baile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15.
- S.N. Chaisleán Cnucha Ag Foghlaim le Chéile, Ascaill Pháirc na Feá, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- Scoil Oilibhéir. Cúil Mhín, Cluain Saileach, BÁC 15.
- S.N. Scoil Thomáis, Lóiste an Labhrais, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- S.N. N. Francis Xavier, Bóthar Phlásóg na Rós, Baile Bhlainséir, BÁC 15.
- Scoil Náisiúnta Chaisleán Cnucha, An Phríomhshráid, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- S.N. N. Pádraig, Baile an Diosualaigh, BÁC 15.
- Scoil Naomh Bríd, Páirc na Feá, Caisleán Cnucha, BÁC 15.

### **Is iad seo a leanas na Bunscoileanna friothálacha liostaithe do Laochra (rang speisialta ASD/NSU):**

- Scoil Choilm S.N.P., Br. Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15.
- S.N. Chaisleán Cnucha Ag Foghlaim le Chéile, Ascaill Pháirc na Feá, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- S.N. N. Mochta, Baile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15.
- Scoil Oilibhéir. Cúil Mhín, Cluain Saileach, BÁC 15.
- S.N. Scoil Thomáis, Lóiste an Labhrais, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- S.N. N. Francis Xavier, Bóthar Phlásóg na Rós, Baile Bhlainséir, BÁC 15.
- Scoil Náisiúnta Chaisleán Cnucha, An Phríomhshráid, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- S.N. N. Pádraig, Baile an Diosualaigh, BÁC 15.
- Scoil Naomh Bríd, Páirc na Feá, Caisleán Cnucha, BÁC 15.

Tagraíonn **'Bunscoileanna Friothálacha an Aonaid'** do na bunscoileanna is rogha maidir le hiarratas a dhéanamh ar Choláiste na Tulchann (Aonad Lán- Ghaeilge i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail). Is bunscoileanna iad na bunscoileanna friothálacha seo a sholáthraíonn oideachas trí mheán na Gaeilge:

- Scoil Oilibhéir. Cúil Mhín, Cluain Saileach, BÁC 15.
- Gaelscoil an Chuilinn, Bóthar Bhaile an Phaoraigh, Baile an Tirialaigh, BÁC 15.
- Gaelscoil Thulach na nÓg, Bóthar Rooske, Castlefarm, Dún Búinne, Co. na Mí.
- Gaelscoil na Bóinne, Baile Átha Troim, Co. na Mí.



## 2. Ráiteas Iontrála ón bPátrún BOOACDL/DDLETB

### Sainmhíniú ar 'Scoil Il-sainchreidmheach' i gcomhthéacs an BOO

Is scoileanna stáit, il-sainchreidmheacha, comhoideachais iad scoileanna an BOO a bhfuil bunluachanna mar bhonn leo:

- Sármhaitheas san Oideachas;
- Cúram;
- Comhionannas;
- Pobal agus
- Meas.



Mar sholáthraí stáit an oideachais, sainmhíniú earnaíl an BOO scoil 'ilchreidmheach' ar an mbealach seo a leanas:

I scoileanna an BOO, tugtar comhdheiseanna do gach dalta rollú de réir an Achta um Oideachas (Ligean isteach ar Scoil) 2018. Nuair a chláraítear iad, déanann ár scoileanna a ndícheall comhdheiseanna a sholáthar do gach dalta páirt a ghlacadh i gcuraclam agus i saol na scoile. I ngach gné de shaol na scoile caitear go cothrom le gach ball dár bpobal scoile beag beann ar a gcine, inscne, reiligiún/creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ballraíocht den Lucht Siúil, claonadh gnéasach, cumas nó stádas socheacnamaíoch.

Soláthraíonn ár scoileanna timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta shábháilte a threisiú muintearais le pobal na scoile agus leis an tsochaí i gcoitinne. Déanann siad a ndícheall a chur ar chumas gach dalta a lánacmhainn a bhaint amach beag beann ar aon ghné dá bhféiniúlacht nó dá chúlra. Cuireann ár scoileanna oideachas iomlán ionchuimsitheach chun cinn a aithníonn iolrachas aitheantas, creideamh agus luachanna atá ag daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne. Ullmháimid saoránaigh leathan-aigeanta, fhreagracha atá íogair ó thaobh cultúir de agus a bhfuil tuiscint láidir acu ar chomhluchanna.

I scoileanna an BOO, caitear go cothrom le daltaí de gach reiligiún agus creideamh. Ní thugann timpeallacht agus gníomhaíochtaí na scoile tosaíocht d'aon ghrúpa ar leith roimh ghrúpa eile agus ag an am céanna aithnítear agus éascaítear daltaí ó gach reiligiún agus creideamh.

Dá réir sin, ní dhéanfaidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail aon leithcheal maidir le Dalta a ligean isteach bunaithe ar na forais seo a leanas:

- 2.1 Inscne an Dalta nó an iarratasóra;
- 2.2 Stádas sibhialta an Dalta nó an iarratasóra;
- 2.3 Stádas teaghlaigh an Dalta nó an iarratasóra;
- 2.4 Claonadh gnéis an Dalta nó an iarratasóra;
- 2.5 Reiligiún an Dalta nó an iarratasóra;
- 2.6 Míchumas an Dalta nó an iarratasóra;
- 2.7 Cine an Dalta nó an iarratasóra;
- 2.8 Gur duine den Lucht Siúil an Dalta nó an iarratasóir;
- 2.9 Riachtanais speisialta oideachais an Dalta nó an iarratasóra. Mar sin féin, le haghaidh rollaithe sa Rang Speisialta, Laochra, ní leithcheal é mura nglactar le Dalta sa rang nach mbaineann an riachtanais / na riachtanais speisialta oideachais sonraithe leis/léi.

Ní ghearrfaidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail táillí ná íocaíochtaí ná ní iarrfaidh sé ranníocaíochtaí mar choinníoll iontrála nó cláraithe leanúnach Dalta.

### 3. Creat Dlí

Bunaíodh BOOACDL/DDLETB faoin Acht um an mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 ina leagtar amach feidhmeanna gach BOO, lena n-áirítear scoileanna aitheanta, ionaid oideachais agus saoráidí oideachais agus oiliúna a bhunú agus a choinneáil i limistéir feidhme gach BOO.

Coiste a bunaíodh faoi alt 44 den Acht um an mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 é Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail agus is ionann sin chomh maith agus bord bainistíochta de réir bhrí an Achta Oideachais 1998. Leagann an tAcht um Oideachas (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 agus an tAcht um Oideachas (Leas) 2000 dualgas ar gach scoil aitheanta Polasáí Iontrála a ullmhú agus a fhoilsiú.

Déantar foráil san Acht Oideachais, 1998 do phróiseas achomhairc sa chás go ndíúltaítear le rollú. Leagtar amach an próiseas achomhairc in alt 5.1.9 maidir le hiarratais a dhéantar ar Ghrúpa na Chéad Bhliana agus in alt 6.1.9 maidir le hiarratais a dhéantar ar gach bliain seachas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach soláthraíonn ár scoil 'teagasc reiligiúnach' agus dá bhrí sin ní thagann an riachtanas dlíthiúil chun cinn maidir le comhairle a thabhairt faoin rogha chun diúltú do theagasc reiligiúnach sa scoil seo. Tá idirdhealú tábhachtach idir 'teagasc reiligiúnach' agus 'oideachas reiligiúnach':

- **Téarma a úsáidtear in Éirinn is ea teagasc reiligiúnach chun deasghnátha, cleachtais agus teagasc reiligiúin nó sainchreidimh áirithe a theagasc do dhaltáí an traidisiúin reiligiúnaigh sin.**
- Tá *oideachas reiligiúnach* oscailte do gach dalta beag beann ar a ndilseacht d'aon reiligiún nó meon domhanda ar leith. Féachann sé le cur go cothrom le forbairt spioradálta agus mhorálta gach dalta.

Toisc go bhfuil scoileanna an BOO 'il-sainchreidmheach' tacaíonn sé le soláthar *oideachas reiligiúnach* a fhreastalaíonn ar gach dalta beag beann ar a gcreideamh reiligiúnach nó neamh-reiligiúnach.

### Ag Roghnú gan tabhairt faoi Theagasc Reiligiúnach

Cuireann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail *oideachas reiligiúnach* ar fáil i ngach bliainghrúpa mar go gcuireann sé forbairt iomlánaíoch na ndaltaí chun cinn agus gur féidir leis cur go dearfach lena bhfolláine de réir phrionsabail Chreataí na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí. Éascaíonn sé forbairt intleachtúil, shóisialta, mhothúchánach, spioradálta agus mhorálta na ndaltaí. Forbraíonn sé luachanna na ndaltaí agus spreagann sé meas ar gach ball dár bpobail scoile. Ina theannta sin, tacaíonn *oideachas reiligiúnach* leis an ngné 'il-sainchreidmheach' d'éiteas ár scoile mar tugann sé deiseanna do dhaltáí dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann lena gcreideamh reiligiúnach nó neamh-reiligiúnach féin agus le creidimh a bparáí.

Toisc go bhfuil scoileanna an BOO 'il-sainchreidmheach', tacaíonn Coláiste Pobail Bhaile Lotrail le soláthar *oideachas reiligiúnach* a fhreastalaíonn ar gach dalta beag beann ar a gcreideamh reiligiúnach nó neamh-reiligiúnach agus dá bhrí sin ní sholáthraíonn sé *teagasc reiligiúnach* in aon reiligiún ná creideamh áirithe.

Mar sin féin, de réir Alt 30(2)(e) den Acht Oideachais (1998), aithníonn Coláiste Pobail Bhaile Lotrail ceart tuismitheoirí, nó daltaí os cionn 18 mbliana d'aois, ag freastal ar scoileanna atá maoinithe go poiblí tarraingt siar ó aon ábhar atá contrártha lena gcoinsiasa, lena n-áirítear *oideachas reiligiúnach*.

Ceanglaítear ar thuismitheoirí nó ar dhaltáí os cionn 18 mbliana d'aois a roghnaíonn gan tabhairt faoin *oideachas reiligiúnach* aighneacht i scríbhinn a dhéanamh chuig an bpríomhoide ar an gcéad dul síos. Ba chóir go leagfadh an aighneacht amach na fáthanna a bhfuiltear ag roghnú gan tabhairt faoi. Ansin socróidh an príomhoide bualadh leis an tuismitheoir (i) nó leis an dalta os cionn 18 mbliana d'aois chun an iarraidh a phlé. Más mian leis an tuismitheoir nó an dalta os cionn 18 mbliana d'aois fós gan tabhairt faoin *oideachas reiligiúnach*, éascóidh an scoil é seo ar an mbealach seo a leanas:

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail staidéar gan mhaoirsiú ar fáil do dhaltáí sinsearacha agus bileoga oibre in-ranga ar ábhair mhalartacha do dhaltáí sóisearacha ar mian lena dtuismitheoirí nach dtabharfadh a bpáiste faoin *oideachas reiligiúnach*.

## 4. Coinníollacha Ginearálta Iontrála

### Bunófar cinneadh ar iarratas ar iontráil:

- ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo,
- ar Fhógra Iontrála bliantúil na scoile, agus
- ar an eolas a chuireann an tIarratasóir ar fáil san iarratas ar iontráil.

Agus iarratas á phróiseáil, ní chuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail na nithe seo a leanas san áireamh:

- 4.1 Íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí leis an scoil;
- 4.2 Cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht an Dalta ach amháin más rud é:
  - go bhfuil sé riachtanach a fháil amach má bhaineann nó mura mbaineann an Dalta leis an gcatagóir riachtanas oideachais speisialta a bhaineann le ligean isteach i scoil atá faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna mar scoil a sholáthraíonn oideachas go heisiach do Dhaltaí a mbaineann catagóir riachtanas oideachais speisialta ar leith nó rang speisialta leo;
  - go soláthraíonn an tIarratasóir fianaise ar an méid sin mar fhianaise ar leibhéal líofachta an Dalta sa Ghaeilge agus go bhfuil ró-iarratas ar an scoil;
- 4.3 Slí bheatha, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht Tuismitheoir(i) Dalta;
- 4.4 Riachtanas go bhfreastalódh Dalta nó a T(h)uismitheoir(i) ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
- 4.5 An nasc atá ag Dalta leis an scoil toisc ball teaghlaigh a bheith aici/aige ag freastal nó a d'fhreastail roimhe sin ar an scoil, ach amháin má bhaineann an nasc le siblín de chuid an Dalta atá ag freastal nó a d'fhreastail ar an scoil.
- 4.6 An dáta agus an t-am a fuair an scoil iarratas iontrála chomh fada agus a fhaightear é le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil a leagtar amach san Fhógra Iontrála bliantúil don bhliain acadúil sin

Déanfaidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail tairiscint ar áit a *bhreithniú* maidir le gach Dalta atá ag lorg iontrála sa scoil, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- 4.7 Cliseann ar an tuismitheoir a dheimhniú i scríbhinn go nglacann sé / sí le Cód um Iompar Dearfach na nDaltaí agus go ndéanfaidh sé / sí gach iarracht réasúnta lena chinntiú go gcloífidh an Dalta leis an gCód sin.
- 4.8 Ní bhaineann an chatagóir riachtanais speisialta oideachais atá sonraithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna i gcás an Ranga Speisialta a bhfuil an Dalta ag lorg iontrála ann leis an rang sin.

Déantar plé in **Alt 5** den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ábhair eile a bhaineann leis na forálacha iontrála do Ghrúpa na Chéad Bhliana.

Déantar plé in **Alt 6** den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ábhair eile a bhaineann leis na forálacha iontrála do na bliainghrúpa uile seachas don Chéad Bhliain

Déantar plé in **Alt 7** den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ábhair eile a bhaineann leis na forálacha iontrála do Laochra, Rang Speisialta ASD/NSU Choláiste Pobail Bhaile Lotrail .

Déantar plé in **Alt 8** den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ábhair eile a bhaineann leis na forálacha iontrála do Choláiste na Tulchann, Aonad Lán-Ghaeilge Choláiste Pobail Bhaile Lotrail.

## **CUID B**

### **Eolas do Chatagóirí Iarratasóirí ar Leith**

- 5. Iarratas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana agus míniú ar nósanna imeachta Achomhairc**
- 6. Iarratas ar na Bliainghrúpaí uile seachas an Chéad Bhliain agus míniú ar nósanna imeachta Achomhairc**
- 7. Iarratas ar Laochra,**  
aonad Choláiste Pobail Bhaile Lotrail do dhaltáí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais orthu agus míniú ar nósanna imeachta Achomhairc
- 8. Iarratas ar Choláiste Na Tulchann,**  
an tAonad Lán-Ghaeilge do dhaltáí ar mian leo foghlaim trí mheán na Gaeilge agus míniú ar na nósanna Achomhairc

# Alt 5

## **5 Iarratas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana**

### **5.1 Coinníollacha Iontrála (Grúpa na Chéad Bhliana)**

- 5.1.1** Ró-iarratas
- 5.1.2** Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 5.1.3** Próiseas roghnúcháin
- 5.1.4** Iarratais dhéanacha
- 5.1.5** Tairiscintí ar áit sa dara / tríú babhta
- 5.1.6** Glacadh le háit
- 5.1.7** Diúltú
- 5.1.8** Tairiscint a tharraingt siar
- 5.1.9** Achomhairc

## 5.1 Coinníollacha Iontrála (Grúpa na Chéad Bhliana)

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail, tairgfear áit sa scoil do gach Dalta, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8.

Ba chóir do Dhalta atá ag cur isteach ar Ghrúpa na Chéad Bhliana ach atá ag lorg iontrála sa Rang Speisialta, féachaint ar Alt 7 den Pholasaí Iontrála seo.

### 5.1.1 Ró-iarratas

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnaithe a foilsíodh mar atá leagtha amach in Alt 5.1.2 thíos agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Pobail Bhaile Lotrail in ann áiteanna breise sa scoil a thairiscint, a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus lena linn, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh.

Chun nach mbeadh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa scoil do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa bhliainghrúpa céanna an chéad bhliain eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar na bliainghrúpaí eile uile seachas an Chéad Bhliain.

Sa chás go bhfuil ró-iarratas ann, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasaí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil dalta á ligean isteach sa scoil.

### 5.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail na critéir seo a leanas i bhfeidhm do Ghrúpa na Chéad Bhliana:

- 5.1.2.1 Má tá siblíne leis an Dalta ar rolla na scoile faoi láthair;
- 5.1.2.2 Má tá cónaí ar an Dalta i gCeantar na Scoile;
- 5.1.2.3 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Choilm, Cluain Saileach, BÁC15.
- 5.1.2.4 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. N. Mochta, Baile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15.
- 5.1.2.5 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. Foghlaim le Chéile Chaisleán Cnucha, Ascaill Beechpark, Caisleán Cnucha BÁC15.
- 5.1.2.6 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Oilibhéir. Cúil Mhín, Cluain Saileach, BÁC 15.
- 5.1.2.7 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. Scoil Thomáis, Lóiste an Labhraís, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- 5.1.2.8 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. N. Francis Xavier, Plásóg na Rós, Baile Bhlainséir, D.15.
- 5.1.2.9 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Náisiúnta Chaisleán Cnucha, 5 Bóthar Chaisleán Cnucha, BÁC 15.
- 5.1.2.10 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. N. Pádraig, Baile an Diosualaigh, BÁC 15.
- 5.1.2.11 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Naomh Bríd, Plásóg Achadh Feá, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- 5.1.2.12 Má bhí siblíne leis an dalta cláraithe sa scoil roimhe seo;

Féach alt 7 do na critéir roghnúcháin a bhaineann le hiontráil i Laochra, an Rang Speisialta.

### 5.1.3 Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Déantar iarratais a mheas de réir na gcritéir roghnúcháin atá foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa scoil, déantar na hlarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit sa scoil do na hlarratasóirí a shásaíonn an critéar seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail crannchur randamach ar bun chun aon áit atá ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

### 5.1.4 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh an scoil agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críoche an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail agus go bhfaigheann sé iarratas déanach, tairgfear áit sa scoil don Dalta atá ag lorg iontrála, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8. Cuirfear an próiseas céanna i bhfeidhm maidir le hlarratasóirí a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh, i.e. eiseofar Foirm Ghhlactha chuig an Iarratasóir le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta ar eisíodh í.

### 5.1.5 Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir chionniollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh ar feadh an tríú agus an ceathrú babhta srl. go dtí go líonfar gach áit sa scoil.

### 5.1.6 Glacadh le háit

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

### 5.1.7 Diúltú

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

- 5.1.7.1 Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail don Dalta;
- 5.1.7.2 Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mblíanghrúpa ar a bhfuil an tIarratasóir ag déanamh iarratais;
- 5.1.7.3 Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus
- 1.1.1.4 Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.
- 5.1.7.5 Ní fhéadfar tairiscint iontrála a dhéanamh i gcás go bhfuil an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

### 5.1.8 Tairiscint a tharraingt siar

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- 5.1.8.1 Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó
- 5.1.8.2 Teipeann ar an Iarratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an dáta nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó
- 5.1.8.3 Níor chuir an tIarratasóir in iúl:
  - (i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna); agus
  - (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit ar an liosta iontrála nó ar an liosta feithimh don bhliain acadúil sin agus glacfar le haon iarratais eile a dhéantar ar son an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna mar iarratais dhéanacha de réir alt 5.1.4 thuas.

### 5.1.9 Achomhairc

Eolas maidir leis an gceart atá ag larratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh Choláiste Pobail Bhaile Lotrail maidir le hiontráil i nGrúpa na Chéad Bhliana.

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas:

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a (h)achomharc a chur isteach i scríbhinn, ach Foirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile agus ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfaidh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail ag Br. Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15 (info.luttrellstowncc@ddletb.ie) athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

Mura mbíonn larratasóir sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, nó mura mbíonn an Bord Bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas:

Féadfaidh larratasóir ar diúltaíodh iontráil i Laochra, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail, dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a (h)achomharc a chur i scríbhinn, trí Fhoirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile nó ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfaidh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

Mura mbíonn larratasóir, a bheartaíonn achomharc a dhéanamh os comhair an Bhoird Bhainistíochta, sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh freisin os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998 agus leasú 2018.

#### Bonn achomhairc:

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór d'iarratas ar achomharc a bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasáí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar achomharc ar an gcinneadh amach ann.

**Tabhair aire:** Maidir le hiarratais ar an gCéad Bhliain in aonaid eile i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail féach Alt 8 le haghaidh critéar roghnúcháin is infheidhme maidir le ligean isteach i gColáiste Na Tulchann, an tAonad Lán-Ghaeilge, nó féach Alt 7 le haghaidh critéar roghnúcháin is infheidhme maidir le ligean isteach i Laochra, an Rang Speisialta ASD/NSU.

Ní chuirfear aon chritéar roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasáí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil larratasóir á ligean isteach.



# Alt 6

## **6 Iarratas ar na bliainghrúpaí uile seachas an CHÉAD BHLIAIN**

### **6.1 Coinníollacha Iontrála (seachas an Chéad Bhliain)**

- 6.1.1** Ró-iarratas
- 6.1.2** Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 6.1.3** Próiseas roghnúcháin
- 6.1.4** Iarratais dhéanacha
- 6.1.5** Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta
- 6.1.6** Glacadh le háit
- 6.1.7** Diúltú
- 6.1.8** Tairiscint a tharraingt siar
- 6.1.9** Achomhairc

## 6.1 Coinníollacha Iontrála (Seachas An CHÉAD BHLIAIN)

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Pobail Bhaile Lotrail, tairgfear áit sa scoil do gach Dalta, faoi réir ailt 4.7 agus 4.8.

Ba chóir do Dhalta atá ag cur isteach ar bhliainghrúpa nach Grúpa na Chéad Bhliana atá i gceist, ach atá ag lorg iontrála sa Rang Speisialta, féachaint ar Alt 7 den Pholasaí Iontrála seo.

### 6.1.1 Ró-iarratas

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnaithe a foilsíodh mar atá leagtha amach in Alt 6.1.2 thíos agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Pobail Bhaile Lotrail in ann áiteanna breise sa scoil a thairiscint, a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus lena linn, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh.

Chun nach mbeadh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa scoil do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa bhliainghrúpa céanna an chéad bhliain eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar na bliainghrúpaí eile uile seachas an Chéad Bhliain.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar an scoil, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear san Fhógra Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Dalta á ligean isteach sa scoil.

Sa chás go bhfuil ró-iarratas ar Chlár Idirbhliana agus/nó ar Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail, cuirfear Dalta atá ag déanamh iarratais ar iontráil ar a leithéid de chlár sa bhliainghrúpa ábhartha, faoi réir an pholasaí seo, ar an liosta feithimh iomchuí a tiomsaíodh cheana ag an scoil (go bliantúil), ar a mbeidh ainmneacha na ndaltaí atá cláraithe sa scoil a cuireadh ar liosta feithimh inmheánach do na clá(i)r seo.

### 6.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail na critéir seo a leanas i bhfeidhm do bhliainghrúpa seachas do Ghrúpa na Chéad Bhliana :

- 6.1.2.1 Má tá siblíne leis an Dalta cláraithe sa scoil faoi láthair;
- 6.1.2.2 Má tá cónaí ar an Dalta i gceantar na scoile;
- 6.1.2.3 Má d'fhreastail an Dalta ar Scoil Choilm, Cluain Saileach, BÁC15.
- 6.1.2.4 Má d'fhreastail an Dalta ar S.N. N. Mochta, Baile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15.
- 6.1.2.5 Má d'fhreastail an Dalta ar S.N. Chaisleán Cnucha ag Foghlaim le Chéile , Ascaill Ghort na Feá, Caisleán Cnucha BÁC 15.
- 6.1.2.6 Má d'fhreastail an Dalta ar Scoil Oilibhéir. Cúil Mhín, Cluain Saileach, BÁC 15.
- 6.1.2.7 Má d'fhreastail an Dalta ar S.N. Scoil Thomáis, Lóiste na Labhrais, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- 6.1.2.8 Má d'fhreastail an Dalta ar S.N. N. Francis Xavier, Plásóg na Rós, Baile Bhlainséir, D.15.
- 6.1.2.9 Má d'fhreastail an Dalta ar Scoil Náisiúnta Chaisleán Cnucha, 5 Br. Chaisleán Cnucha, BÁC 15.
- 6.1.2.10 Má d'fhreastail an Dalta ar S.N. Phádraig, Baile an Diosualaigh, BÁC 15.
- 6.1.2.11 Má d'fhreastail an Dalta ar Scoil Bhríde, Plásóg Achadh Feá, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- 6.1.2.12 Má bhí siblíne leis an dalta cláraithe sa scoil roimhe seo;

**Tabhair aire:** Féach Alt 8 do na critéir roghnúcháin a bhaineann le hiontráil i gColáiste Na Tulchann, an tAonad Lán-Ghaeilge. Féach alt 7 do na critéir roghnúcháin a bhaineann le hiontráil i Laochra, an Rang Speisialta NSU/ASD.

Ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasaí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil iarratasóir á ligean isteach.

### 6.1.3 Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Déantar iarratais a mheas de réir na gcritéir roghnúcháin atá foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéir. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa scoil, déantar na hlarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéir agus tairgfear áit sa scoil do na hlarratasóirí a shásaíonn an critéir seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail crannchur randamach ar bun chun aon áit atá ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

#### 6.1.4 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

#### 6.1.5 Tairiscintí ar áit sa dara / tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir chionníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh ar feadh an tríú agus an ceathrú babhta srl. go dtí go líonfar gach áit sa scoil.

#### 6.1.6 Glacadh le háit

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha chuig an Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

#### 6.1.7 Diúltú

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn

- 6.1.7.1 Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail don Dalta;
- 6.1.7.2 Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mblianghrúpa ar a bhfuil an tIarratasóir ag déanamh iarratais,
- 6.1.7.3 Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach, agus
- 6.1.7.4 Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach i 4.7 agus 4.8, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás seo a leanas:

- 6.1.7.5 Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

#### 6.1.8 Withdrawal of an offer

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- 6.1.8.1 Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó
- 6.1.8.2 Teipeann ar an Iarratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an dáta nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó
- 6.1.8.3 Níor chuir an tIarratasóir in iúl::
  - (i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna); agus
  - (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit ar an liosta iontrála nó ar an liosta feithimh don bhliain acadúil sin agus glacfar le haon iarratais eile a dhéantar ar son an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna mar iarratais dhéanacha de réir alt 6.1.4 thuas.

### 6.1.9 Achomhairc

Eolas maidir leis an gceart atá ag Iarratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh Choláiste Pobail Bhaile Lotrail maidir le hiontráil i mbliainghrúpa seachas Grúpa na Chéad Bhliana.

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

Ní mór d'Iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a (h)achomharc a chur isteach i scríbhinn, ach Foirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile agus ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfadh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail ag Br. Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15 (info.luttrellstowncc@ddletb.ie) athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

Mura mbíonn Iarratasóir sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, nó mura mbíonn an Bord Bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

Féadfaidh Iarratasóir ar diúltaíodh iontráil i Laochra, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail, dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a (h)achomharc a chur i scríbhinn, trí Fhoirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile nó ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfadh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

Mura mbíonn Iarratasóir, a bheartaíonn achomharc a dhéanamh os comhair an Bhoird Bhainistíochta, sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh freisin os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998 agus leasú 2018.

#### Bonn achomhairc

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór d'Iarratas ar achomharc a bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasáí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar achomharc ar an gcinneadh amach ann.

**Nóta:** Maidir le hiarratais ar aonad eile i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail, féach Alt 8 le haghaidh critéar roghnúcháin is infheidhme maidir le ligean isteach i gColáiste Na Tulchann, an tAonad Lán-Ghaeilge, nó féach Alt 7 le haghaidh critéar roghnúcháin is infheidhme maidir le ligean isteach i Laochra, an Rang Speisialta ASD/NSU.

Ní chuirfear aon chritéar roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasáí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Iarratasóir á ligean isteach.

# Alt 7

## **7 Iarratas a Dhéanamh ar Laochra, an Rang Speisialta**

### **7.1 Coinníollacha Iontrála do Laochra, an Rang/ na Ranganna Speisialta**

- 7.1.1** Ró-iarratas
- 7.1.2** Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 7.1.3** Próiseas roghnúcháin
- 7.1.4** Iarratais dhéanacha
- 7.1.5** Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta
- 7.1.6** Glacadh le háit
- 7.1.7** Diúltú
- 7.1.8** Tairiscint a tharraingt siar
- 7.1.9** Achomhairc

## 7.1 Coinníollacha Iontrála do Laochra, an Rang/ na Ranganna Speisialta san Ionad NSU/ASD

Tá Rang Speisialta i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail, Laochra, a bunaíodh chun riachtanais speisialta oideachais a chur ar fáil do Dhaltaí a bhfuil Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais / Uathachas orthu. Tá sé mar aidhm ag Laochra freastal ar Dhaltaí nach bhfuil in ann leas a bhaint as Soláthar Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO) sa phríomhshruth ar feadh na seachtaine scoile iomláine. Tugtar an tacaíocht agus an spreagadh do na daltaí chun rochtain a fháil ar oideachas iar-bhunscoile agus chun comhtháthú sa phríomhshruth ar leibhéal a oireann don dalta sin. Spreagfar Daltaí chun páirt a ghlacadh i ranganna príomhshrutha agus féadfaidh siad aistriú go hiomlán chuig oideachas príomhshrutha le tacaíocht na foirne cúraim agus tacaíocht an phobail scoile uile anseo i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail.

Ní bhreithneofar ach na hiarratais sin i ndáil le daltaí a dtagann a riachtanais faoin gcatagóir riachtanais speisialta oideachais dá ndéantar soláthar sa Rang Speisialta. Maidir leis seo, éilíonn an scoil go bhfíorófar riachtanais an Dalta i dTuarascáil Ábhartha a ullmhaíodh laistigh den 12 mhí díreach sula ndéantar iarratas don Dalta ar an Rang Speisialta.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar an Rang Speisialta i gColáiste Pobail Lotrail, tairgfear áit sa Rang Speisialta i Laochra do gach Páiste a dtagann a riachtanais faoin gcatagóir riachtanais speisialta oideachais dá ndéantar soláthar i Laochra, an Rang Speisialta NSU/ASD, faoi réir na bpointí thuasluaite.

### 7.1.1 Ró-iarratas:

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnaithe a foilsíodh mar atá leagtha amach in Alt 7.1.2 thíos agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Pobail Bhaile Lotrail in ann áiteanna breise sa Rang Speisialta a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus lena linn a thairiscint, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh.

Sa chás go ndéantar iarratas don Dalta ar áit sa Rang Speisialta agus do bhliainghrúpa príomhshrutha araon, agus nach n-éiríonn ach le hiarratas ar cheann amháin acu, fanfaidh sé/sí ag an áit chéanna ar an liosta feithimh don ghrúpa nár éirigh lena (h) iarratas beag beann cibé an nglacann nó nach nglacann an tIarratasóir leis an áit a tairgeadh dó/di.

Chun nach mbeadh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa Rang Speisialta do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa Rang Speisialta an chéad bhliain eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar an Rang Speisialta.

Má thairgtear áit sa Rang Speisialta do dhalta atá ag aistriú agus ar an liosta feithimh, braitheann an tairiscint ar áit a bheith ar fáil sa bhliainghrúpa cuí don Dalta. Muna mbíonn áit ar fáil sa bhliainghrúpa cuí, áireofar an chéad duine eile ar an liosta feithimh don Rang Speisialta don áit sin ach ní athróidh seo áit an chéad dalta ar an liosta feithimh don Rang Speisialta don chuid eile den scoilbhliain sin, i. má bhíonn áit ar fáil sa Rang Speisialta le linn na scoilbhliana sin ina dhiaidh sin, áireofar an chéad dalta ag barr an liosta feithimh ar an gcéal dul síos, ach arís braitheann an tairiscint ar áit a bheith ar fáil sa bhliainghrúpa cuí don Dalta.

Le bheith soiléir, fiú má bhíonn áit ar fáil i mbliainghrúpa príomhshrutha ainmnithe, má bhíonn liosta feithimh don bhliainghrúpa sin, bíonn céadchead diúltaithe ag daltaí ar an liosta sin ar áit sa bhliainghrúpa beag beann ar chás bainteach leis an Rang Speisialta.

Sa chás go bhfuil ró-iarratas ann, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasaí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil dalta á ligean isteach sa scoil.

Faoi réir ag an riachtanais sin, i gcás ró-iarratas, beidh na critéir iontrála seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an Rang Speisialta:

### 7.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta:

- 7.1.2.1 Má tá siblíni leis an Dalta i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail nó/ agus i gColáiste Na Tulchann.
- 7.1.2.2 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Choilm, Cluain Saileach, BÁC15.
- 7.1.2.3 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. Caisleán Cnucha Ag Foghlaim le Chéile, BÁC 15.
- 7.1.2.4 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. N. Mochta, Baile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15 .
- 7.1.2.5 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Oilibhéir. Cúil Mhín, Cluain Saileach, BÁC 15.
- 7.1.2.6 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. Scoil Thomáis, Lóiste an Labhráis, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- 7.1.2.7 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. N. Francis Xavier, Plásóg na Rós, Baile Bhlainséir, BÁC 15.
- 7.1.2.8 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Náisiúnta Chaisleán Cnucha, 5 Bóthar Chaisleán Cnucha, BÁC 15.
- 7.1.2.9 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar S.N. N. Pádraig, Baile an Diosualigh, BÁC 15.
- 7.1.2.10 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar Scoil Naomh Bríd, Plásóg Achadh Feá, Caisleán Cnucha, BÁC 15.
- 7.1.2.11 Má bhí siblíni leis an dalta cláraithe sa scoil roimhe seo.
- 7.1.2.12 Má tá cónaí ar an Dalta i gceantar scoile Bhaile Átha Cliath 15.

### 7.1.3 Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Ach na na critéir iontrála sa Rang Speisialta a chomhlíonadh, déantar iarratais a mheas de réir na gcritéar roghnaithe foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa scoil, déantar na hlarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit do na hlarratasóirí sa Rang Speisialta a shásaíonn an critéar seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail crannchur randamach ar bun chun aon áit atá ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

N.B. D'fhéadfadh laghdú teacht ar líon na n-áiteanna a bhíonn ar fáil i mbliainghrúpa sa chás go mbronnar áit(eanna) sa Rang Speisialta ar Dhalta(i) ón mbliainghrúpa sin, i. Cuirfear an próiseas roghnúcháin don Rang Speisialta i gcrích roimh phróiseas roghnúcháin an bhliainghrúpa phríomhshrutha agus is ionann líon na nDaltaí ar a mbronnar áit sa Rang Speisialta agus an laghdú a thiocthaidh ar líon na n-áiteanna sa bhliainghrúpa cuí.

### 7.1.4 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Laochra i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás nach mbíonn ró-iarratas ar áit i Laochra agus go ndéantar iarratas déanach, tairgfear áit i Laochra don Dalta atá ag lorg iontrála, faoi réir na gcoinníollacha d'iontráil i Laochra agus Foirm Ghlactha chuig an larratasóir agus beidh sí le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta a eisíodh í.

### 7.1.5 Tairiscintí ar áit sa dara / tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit i Laochra ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir chionníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh ar feadh an tríú agus an ceathrú babhta srl. go dtí go líonfar gach áit sa Rang Speisialta.

### 7.1.6 Glacadh le háit

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha chuig an larratasóir.

Cuirfidh an tllarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

### 7.1.7 Diúltú

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don larratasóir i scríbhinn:

- 7.1.7.1 Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail don Dalta;
- 7.1.7.2 Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mbliainghrúpa ar a bhfuil an tllarratasóir ag déanamh iarratais;
- 7.1.7.3 Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus
- 7.1.7.4 Sonraí faoin gceart atá ag an larratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach i 4.7 agus 4.8, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás seo a leanas:

- 7.1.7.5 Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

### 7.1.8 Tairiscint a tharraingt siar

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- 7.1.8.1 Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó
- 7.1.8.2 Teipeann ar an larratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an dáta nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó
- 7.1.8.3 Níor chuir an tIarratasóir in iúl:
  - (i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna); agus
  - (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit ar an liosta iontrála nó ar an liosta feithimh don bhliain acadúil sin agus glacfar le haon iarratais eile a dhéantar ar son an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna mar iarratais dhéanacha de réir alt 7.1.4 thuas.

### 7.1.9 Achomhairc

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a (h)achomharc a chur isteach i scríbhinn, ach Foirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile agus ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfadh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail ag Br. Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15 (info.luttrellstowncc@ddletb.ie) athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

Mura mbíonn larratasóir sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, nó mura mbíonn an Bord Bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

Féadfaidh larratasóir ar diúltaíodh iontráil i Laochra, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail, dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a (h)achomharc a chur i scríbhinn, trí Fhoirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile nó ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfadh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

Mura mbíonn larratasóir, a bheartaíonn achomharc a dhéanamh os comhair an Bhoird Bhainistíochta, sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh freisin os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998 agus Leasú 2018.

#### Bonn achomhairc

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór d'iarratas ar achomharc a bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasáí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar achomharc ar an gcinneadh amach ann.

#### Aistrithe agus Iarratais Lársraithe

Sa chás go bhfuil áit ar fáil faoi réir chritéir iontrála Laochra aistreoidh dalta isteach sa bhliainghrúpa atá oiriúnach dá (h)aois.

Freastalófar ar iarratais ó thuismitheoirí Daltaí chun aistriú ó phríomhshruth Choláiste Pobail Bhaile Lotrail chuig Laochra bunaithe ar chritéir rollaithe Laochra.



# Alt 8

## **8 Iarratas ar Choláiste Na Tulchann**

### **8.1 Coinníollacha Iontrála do Choláiste na Tulchann, Aonad Lán-Ghaeilge Choláiste na Tulchann**

- 8.1.1** Ró-iarratas
- 8.1.2** Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 8.1.3** Próiseas roghnúcháin
- 8.1.4** Iarratais dhéanacha
- 8.1.5** Tairiscintí ar áit sa dara / tríú babhta
- 8.1.6** Glacadh le háit
- 8.1.7** Diúltú
- 8.1.8** Tairiscint a tharraingt siar
- 8.1.9** Achomhairc

## 8.1 Admission to Coláiste Na Tulchann, the Aonad Lán-Ghaeilge in Luttrellstown Community College

Tairgeann Coláiste Pobail Bhaile Lotrail Aonad Lán-Ghaeilge, Coláiste Na Tulchann, a fhreastalaíonn ar dhaltáí ar mian leo oideachas a fháil i suíomh iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge. Breathnófar ar iarratais ar Choláiste na Tulchann amháin chun na críche sin amháin.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar an Aonad Lán-Ghaeilge i gColáiste Pobail Bhaile Lotrail, Coláiste Na Tulchann, táirgfear áit san Aonad Lán-Ghaeilge do gach dalta atá ag lorg iontrála inti, faoi réir Alt 4.7 agus 4.8.

### 8.1.1 Ró-iarratas

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnaithe a foilsíodh mar atá leagtha amach in Alt 8.1.2 thíos agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go bhfuil Coláiste Pobail Bhaile Lotrail in ann áiteanna breise sa scoil a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus lena linna thairiscint, táirgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh daltaí ar an liosta feithimh.

Chun nach mbeadh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa scoil do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa bhliainghrúpa céanna an chéad bhliain eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar na bliainghrúpaí eile uile seachas an Chéad Bhliain.

Sa chás go bhfuil ró-iarratas ann, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasáí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil dalta á ligean isteach sa scoil.

### 8.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

Ní chuirfear iarratais ar Choláiste na Tulchann, an tAonad Lán-Ghaeilge, san áireamh ach amháin nuair a cuireadh an tAonad Lán-Ghaeilge in iúl ar an bhfoirm iarratais a chuir Coláiste Pobail Bhaile Lotrail ar fáil don iarratasóir.

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail na critéir seo a leanas i bhfeidhm le haghaidh iontrála san Aonad Lán-Ghaeilge sa chás go mbíonn ró-iarratas ar an Aonad Lán-Ghaeilge:

- 8.1.2.1 Tá siblíne cláraithe ag an dalta sa scoil faoi láthair.
- 8.1.2.2 D'fhreastail an dalta ar bhunscoil fhriothálach liostaithe.
- 8.1.2.3 Tá leibhéal líofachta bainte amach ag an Dalta sa Ghaeilge agus ba dhócha go rachadh an líofacht seo in olcas mura ligfí isteach san Aonad é/í. Ní mór d'Iarratasóirí cibé fianaise is cuí leo a chur ar fáil chun leibhéal líofachta an Dalta sa Ghaeilge a léiriú mar aon leis an gcaoi a rachadh an líofacht sin in olcas mura ligfí isteach sa scoil é/í;
- 8.1.2.4 Má tá cónaí ar an dalta i gceantar Bhaile Átha Cliath 15 / Oirthear na Mí.
- 8.1.2.5 Má bhí siblíne leis an dalta cláraithe sa scoil roimhe seo.

### 8.1.3 Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm maidir le Coláiste Na Tulchann mar seo a leanas:

Ach na na critéir iontrála san Aonad Lán-Ghaeilge a chomhlíonadh, déantar iarratais a mheas de réir na gcritéir roghnaithe foilsithe. Táirgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéir. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa scoil, déantar na hlarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéir agus táirgfear áit do na hlarratasóirí a shásaíonn an critéir seo Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Pobail Bhaile Lotrail crannchur randamach ar bun chun aon áit atá ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

### 8.1.4 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste na Tulchann, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh Coláiste na Tulchann, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar Choláiste na Tulchann agus go bhfaigheann sé iarratas déanach ar iontráil, gheobhaidh an t-iarratas sin áit ar an liosta feithimh i ndiaidh na n-iarratasóirí a bhfuair an scoil a n-iarratais roimh an dáta deiridh d'iarratais. Cuirfear iarratais dhéanacha ar an liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair an scoil iad.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste na Tulchann agus go bhfaightear iarratas déanach, tairgfear áit i gColáiste na Tulchann don Dalta atá ag lorg iontrála faoi réir Ailt 4.7 agus 4.8 agus baineann an próiseas céanna le hlarratasóirí a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh, i. eiseofar Foirm Ghlactha chuig an larratasóir agus beidh sí le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta ar eisíodh í.

### 8.1.5 Tairiscintí áite sa dara / tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit i gColáiste na Tulchann ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir chionníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh ar feadh an tríú agus an ceathrú babhta srl. go dtí go líonfar gach áit sa scoil.

### 8.1.6 Glacadh le háit

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghlactha chuig an larratasóir.

Cuirfidh an t-larratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

### 8.1.7 Diúltú

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don larratasóir i scríbhinn:

- 8.1.7.1 Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste na Tulchann, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail;
- 8.1.7.2 Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mblianghrúpa ar a bhfuil an t-larratasóir ag déanamh iarratais;
- 8.1.7.3 Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus
- 8.1.7.4 Sonraí faoin gceart atá ag an larratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach i 4.7 agus 4.8, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás seo a leanas:

- 8.1.7.5 Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

### 8.1.8 Tairiscint a tharraingt siar

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- 8.1.8.1 Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó
- 8.1.8.2 Teipeann ar an larratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an dáta nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó
- 8.1.8.3 Níor chuir an tIarratasóir in iúl::
  - (i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna); agus
  - (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit ar an liosta iontrála nó ar an liosta feithimh don bhliain acadúil sin agus glacfar le haon iarratais eile a dhéantar ar son an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna mar iarratais dhéanacha de réir alt 8.1.4 thuas.

### 8.1.9 Achomhairc

Eolas maidir leis an gceart atá ag larratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh Choláiste Pobail Bhaile Lotrail maidir le hiontráil i nGrúpa na Chéad Bhliana san Aonad Lán-Ghaeilge.

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a (h)achomharc a chur isteach i scríbhinn, ach Foirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile agus ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfaidh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail ag Br. Bhaile an Phóirtéaraigh, Cluain Saileach, BÁC 15 (info.luttrellstowncc@ddletb.ie) athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

Mura mbíonn larratasóir sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, nó mura mbíonn an Bord Bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

#### Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

Féadfaidh larratasóir ar diúltaíodh iontráil i gColáiste na Tulchann, Coláiste Pobail Bhaile Lotrail, dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a (h)achomharc a chur i scríbhinn, trí Fhoirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile nó ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfaidh Bord Bainistíochta Choláiste Pobail Bhaile Lotrail athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998.

Mura mbíonn larratasóir, a bheartaíonn achomharc a dhéanamh os comhair an Bhoird Bhainistíochta, sásta le cinneadh an Bhoird Bhainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh freisin os comhair Coiste Achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi Alt 29A den Acht Oideachais 1998 agus leasú 2018.

#### Bonn achomhairc

Faoi mar a éillítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór d'iarratas ar achomharc a bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasáí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar achomharc ar an gcinneadh amach ann.